II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/277 ÓN gCOIMISIÚN

**an 16 Nollaig 2020**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha a mhéid a bhaineann le peinteaclóraifeanól agus a shalainn agus a eistir**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/1021, cuirtear chun feidhme gealltanais an Aontais faoi Choinbhinsiún Stócólm maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha ([2]) agus faoin bPrótacal maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin ([3]).

(2) De bhun Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2019/1021, tá toirmeasc, faoi réir Airteagal 4 den Rialachán sin, ar shubstaintí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid, bídís leo féin, i meascáin nó in earraí.

(3) Liostaítear peinteaclóraifeanól agus a shalainn agus a eistir in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 gan teorainnluach le haghaidh Rian-Éilleáin Neamhbheartaithe (UTC).

(4) Le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2019/1021 tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun iontrálacha atá in Iarscríbhinn I cheana a mhodhnú chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

(5) Chinn an Coimisiún go bhfuil peinteaclóraifeanól agus a shalainn agus a eistir mar eisíontas i roinnt earraí, lena n-áirítear teicstílí allmhairithe agus sliseanna adhmaid athshlánaithe chun painéil adhmaid a tháirgeadh.

(6) Chun gur féidir leanúint de shliseanna adhmaid a athchúrsáil agus chun forfheidhmiú a éascú, ba cheart teorainn UTC 5 mg/kg (0,0005 % de réir meáchain) a shocrú i gcás peinteaclóraifeanól agus a shalann agus a eistir.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1021 a leasú dá réir,

([1]) IO L 169, 25.6.2019, lch. 45.
([2]) IO L 209, 31.7.2006, lch. 3.
([3]) IO L 81, 19.3.2004, lch. 37.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Nollaig 2020.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

I gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021, leasaítear an ceathrú colún ("Díolúine shonrach maidir le húsáid idirmheánach nó sonraíocht eile") den iontráil maidir le peinteaclóraifeanól agus a shalainn agus a eistir mar a leanas:

"Chun críocha na hiontrála seo, beidh feidhm ag pointe (b) d'Airteagal 4(1) maidir le tiúchain peinteaclóraifeanóil agus a shalainn agus a eistir atá cothrom le 5 mg/kg (0,0005 % de réir meáchain) nó faoina bhun i gcás ina bhfuil siad i substaintí, i meascáin nó in earraí".